Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Plean Náisiúnta le haghaidh Nochtaí Éigeandála Núicléiche agus Raideolaíche

# Clár Ábhar


RANNÁN : RÉAMHRÁ ... 4

1.1 Comhthéacs ... 4

1.2 Raon feidhme ... 5

1.3 Téarmaí Sainmhínithe ... 6

1.4 Doiciméid ghaolmhara ... 6

RANNÁN 2: AN CUR CHUIGE CÓRAS 'UILE-GHUAISE' AGUS AN GRÚPA NÁISIÚNTA COMHORDAITHE ÉIGEANDÁLAÍ ... 7

2.1 An Cur Chuige "Uile-Ghuaise" ... 7

2.2 An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí ... 7

RANNÁN 3: ANAILÍS GUAISE ... 9

3.1 Réamhrá ... 9

3.2 Eachtraí a tharlaíonn laistigh den Stát ... 9

3.3 Eachtraí a tharlaíonn lasmuigh den Stát ... 9

3.4 Teagmhais a tharlaíonn i ngar do chósta na hÉireann agus a bhaineann le long nó fomhuireán atá faoi thiomáint cumhachta núicléiche nó le soitheach ar a bhfuil ábhar núicléach ... 10

RANNÁN 4: MAOLÚ ... 11

4.1 Maolú i leith teagmhais thar lear ... 11

4.2 Maolú i leith teagmhais in Éirinn ... 11

RANNÁN 5: PLEANÁIL AGUS ULLMHACHT ... 12

5.1 Réamhrá ... 12

5.2 Córais fógartha le haghaidh eachtraí núicléacha nó raideolaíocha thar lear ... 12

5.3 Faireachán raideolaíoch in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta ... 13

5.4 Leibhéil tagartha le haghaidh nochtadh poiblí agus nochtadh ceirde éigeandála ... 14

5.5 Socruithe le haghaidh comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt do staid nochta éigeandála 14

5.6 Socruithe le haghaidh idirchaidreamh agus comhar idirnáisiúnta ... 15

5.7 Faisnéis don phobal i gcoitinne ... 15

RANNÁN 6: FREAGAIRT ... 16

6.1 Nithe a spreagfaidh freagairt náisiúnta ... 16

6.2 An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a ghníomhachtú agus comhdhéanamh an Ghrúpa 17

6.3 Freagairt d'eachtra núicléach nó raideolaíoch thar lear ... 18

6.3.1 Na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn Chéim an Fholáirimh ... 18

6.3.2 Na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn Chéim an Nochta....19
6.3.3 Na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn Chéim na Freagartha....20
6.3.4 Rialacháin agus Orduithe a bheidh le déanamh ag Airí áirithe....22
6.3.5 Cúnamh a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha thar lear....23
6.4 Freagairt d'eachtra áitiúil núicléach nó raideolaíoch in Éirinn....23
RANNÁN 7: ATHSHLÁNÚ....24
7.1 Réamhrá....24
7.2 Aistriú ó staid nochta éigeandála chuig staid nochta reatha24
7.3 Saincheisteanna a ndéileálfar leo le linn an Athshlánúcháin....24
7.4 Pleananna athshlánúcháin....25
RANNÁN 8: ATHBHREITHNIÚ....26
8.1 Tástáil agus athbhreithniú....26
AGUISÍN I....27
STAIDÉIR ANAILÍSE GUAISE....27
AGUISÍN II....31
LEIBHÉIL TAGARTHA AGUS LEIBHÉIL IDIRGHABHÁLA OIBRÍOCHTÚLA....31
AGUISÍN III....35
FEASACHÁIN FAISNÉISE POIBLÍ AGUS SEISIÚIN FAISNÉISE DO NA MEÁIN....35
AGUISÍN IV....39
CRITÉIR LE hAGHAIDH FREAGAIRT ÉIGEANDÁLA A DHÍGHNÍOMHACHTÚ....39

# RANNÁN : RÉAMHRÁ

## 1.1 Comhthéacs

Leagtar amach sa **Phlean Náisiúnta seo le haghaidh Nochtaí Éigeandála Núicléiche agus Raideolaíche ("an Plean Náisiúnta")** mionsonraí faoi phleanáil agus ullmhacht na hÉireann do fhreagairt náisiúnta d'éigeandáil núicléach nó raideolaíoch ar dóigh di a bheith ina cúis le nochtadh forleathan ar fud na hÉireann.

Glacann an Plean Náisiúnta seo áit an **Phlean Náisiúnta Éigeandála le haghaidh Timpistí Núicléacha**[1], rud a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí na Nollag 2005.

Ullmhaíodh an Plean Náisiúnta de réir Rialachán 55 de na **Rialacháin fán Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Radaíocht Ianúcháin), 2019 (I.R. Uimh. 30 de 2019)**[2], dá ngairtear "**Rialacháin 2019**" anseo feasta. Cuirtear san áireamh ann forbairtí tábhachtacha a tháinig chun cinn i réimse na hullmhachta agus na freagartha éigeandála le blianta beaga anuas, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- An fhreagairt don timpiste in Fukushima sa bhliain 2011;
- Staidéir Mheasúnaithe Guaise inar breithníodh na rioscaí atá roimh Éirinn de dheasca gléasraí núicléacha sa Ríocht Aontaithe. Is iad sin:
  - **An tionchar raideolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag diantimpistí postaláidithe ag Sellafield ar Éirinn**[3]
  - **Na Rioscaí atá roimh Éirinn de dheasca Teagmhais ag Láithreán Sellafield**[4]
  - **Na gléasraí cumhachta núicléiche atá beartaithe sa Ríocht Aontaithe – na himpleachtaí raideolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn**[5]
- An **Tuarascáil ó mhisean na Seirbhíse Comhtháite um Athbhreithniú Rialála de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach**, rud a seoladh le linn na bliana 2015[6];
- Forbairtí reachtacha, lena n-áirítear iad seo a leanas:
  - **Treoir 2013/59/EURATOM ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh**[7] ("**an Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta**");
  - **Treoir 2014/87/EURATOM ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh**[8] ("**an Treoir maidir le Sábháilteacht Núicléach**");
- **Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta**[9];
- An **Creat um Bainistíocht Móréigeandála**[10]; agus

---

[1] http://www.epa.ie/pubs/reports/other/corporate/rpii/RPII_Nuclear_Plan_Acc_05.pdf
[2] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/30/made/en/pdf
[3] https://www.epa.ie/pubs/reports/radiation/Potential_radiological_impact_Ireland.pdf
[4] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/environment/publications/Documents/15/Risks%20to%20Ireland%20from%20Incidents%20at%20Sellafield.pdf
[5] http://www.epa.ie/pubs/reports/radiation/RPII_Proposed_Nuc_Power_Plants_UK_13.pdf
[6] https://www.iaea.org/sites/default/files/documents/review-missions/irrs_ireland_mission_report_.pdf
[7] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32013L0059&from=EN
[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32014L0087&from=EN
[9] https://emergencyplanning.ie/en/news/strategic-emergency-management
[10] http://mem.ie/

- Na ceachtanna a d’fhoghlaim an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí agus é ag déileáil le héigeandálaí eile.

## 1.2 Raon feidhme

Cé nach dtáirgimid aon fhuinneamh núicléach sa tír seo, is é beartas seanbhunaithe na hÉireann ná go n-aithnímid an ceart atá ag Stáit eile chun a meascán fuinnimh féin a chinneadh. I gcás go roghnóidh aon Stát tionscal cumhachta núicléiche a fhorbairt, áfach, beidh Éire ag súil leis go ndéanfar amhlaidh ar aon dul leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde ó thaobh sábháilteachta agus chosaint an chomhshaoil de.

Aithnítear sa Phlean Náisiúnta go bhféadfadh, bunaithe ar na hanailísí guaise a rinneadh, go dtiocfadh staideanna nochta éigeandála chun cinn mar thoradh ar thimpistí nó ar theagmhais. Aithnítear ann freisin, áfach, nach dóigh go dtarlóidh sé sin. Leagtar amach sa phlean seo na bearta le haghaidh freagairt náisiúnta do staid nochta éigeandála agus le haghaidh an aistrithe ina dhiaidh sin chuig staid bhainistithe nochta reatha.

Is é sprioc lárnach an phlean seo ná laghdú substaintiúil a dhéanamh ar a mhéid a nochtfar an pobal d’aon éilliú radaighníomhach a bhainfidh Éire amach mar thoradh ar mhórtheagmhas núicléach nó raideolaíoch thar lear. Déantar amhlaidh ann trí bhreac-chuntas a thabhairt ar na céimeanna a leanfar chun bearta cosanta a chur chun feidhme go mear sna huaireanta agus sna laethanta díreach tar éis an teagmhais. A bhuí leis na céimeanna sin, déanfar laghdú substaintiúil ar a mhéid a nochtfar an pobal d’aon éilliú radaighníomhach a bhainfidh Éire amach. Dá réir sin, íoslaghdófar na rioscaí sláinte fadtéarmacha a d’fhéadfadh a bheith ann don daonra.

Níl sa phlean seo aon treoirlínte mionsonraithe le haghaidh déileáil le nochtadh núicléach nó raideolaíoch de chineál áitiúil. Is ar an údarás áitiúil iomchuí nó ar an ngnóthas ceadúnaithe atá freagrach as an bhfoinse is cúis leis an éilliú atá an phríomhfhreagracht as déileáil le cásanna den sórt sin, de réir na gceanglas pleanála éigeandála faoi **Rialacháin 2019**. Tugtar tuilleadh treorach ina leith sin i **ndréacht-Phrótacal le haghaidh Freagairt Ilghníomhaireachta d’Éigeandálaí Raideolaíocha/Núicléacha**[11] faoin gCreat um Bainistíocht Móréigeandála.

Ní phléitear sa phlean seo ach oiread le cogaíocht núicléach ná le teagmhais urchóideacha raideolaíocha. Agus an Roinn Dlí agus Cirt ar an bPríomhroinn Rialtais ainmnithe, is é an Garda Síochána an Phríomhghníomhaireacht le haghaidh freagairt do theagmhas urchóideach ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch nó núicléach de réir an **Phrótacail le haghaidh Freagairt do Theagmhas Urchóideach Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch nó Núicléach**, rud ar ghlac an Tascfhórsa Rialtais um Pleanáil Éigeandála é sa bhliain 2011.

11 http://mem.ie/wp-content/uploads/2015/05/A-Protocol-for-Multi-Agency-Response-to-Radiological-Nuclear-Emergencies.pdf

## 1.3 Téarmaí Sainmhínithe

Tá na téarmaí “éigeandáil”, “nochtadh”, “staid nochta éigeandála” agus “staid nochta reatha” sainmhínithe i **Rialacháin 2019**:

- ciallaíonn “éigeandáil” staid nó eachtra nach gnáthstaid ná gnátheachtra í agus a bhaineann le foinse radaíochta, rud a fhágann gur gá gníomh pras a dhéanamh chun maolú a dhéanamh ar iarmhairtí dochracha tromchúiseacha do shláinte agus sábháilteacht an duine, do cháilíocht na beatha, do mhaoin nó don chomhshaol, nó guais a d’fhéadfadh a bheith ina cúis le hiarmhairtí dochracha tromchúiseacha den sórt sin;
- ciallaíonn “nochtadh” gníomh nó dáil inar nochtadh duine do radaíocht ianúcháin a astaíodh lasmuigh den chorp (nochtadh seachtrach) nó laistigh den chorp (nochtadh inmheánach);
- ciallaíonn “staid nochta éigeandála” staid nochta a tharla de dheasca éigeandála;
- ciallaíonn “staid nochta reatha” staid nochta atá ann cheana, ar ina leith is gá cinneadh a dhéanamh ar a rialú agus nach gá, nó nach gá a thuilleadh, bearta práinneacha a dhéanamh.

## 1.4 Doiciméid ghaolmhara

Tagraítear sa phlean seo do roinnt pleananna agus doiciméad eile, agus is féidir é a léamh i gcomhar leo. Áirítear iad seo a leanas leo sin:

- **Treoirlínte le haghaidh Comhordú a Dhéanamh ar Fhreagairt Éigeandála/Géarchéime ar an Leibhéal Náisiúnta**[12].
- **Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta**[13].
- **Creat um Bainistíocht Móréigeandála**[14].
- **Prótacal le haghaidh Freagairt Ilghníomhaireachta d’Éigeandálaí Raideolaíocha/Núicléacha** (dréacht)[15].

---

12 https://emergencyplanning.ie/system/files/media/file-uploads/2017-09/Guidelines%20for%20Coordinating%20a%20national%20Level%20Emergency%20Crisis%20Response%202016.pdf
13 https://emergencyplanning.ie/en/news/strategic-emergency-management
14 http://mem.ie/wp-content/uploads/2015/05/A-Framework-For-Major-Emergency-Management.pdf
15 http://mem.ie/wp-content/uploads/2015/05/A-Protocol-for-Multi-Agency-Response-to-Radiological-Nuclear-Emergencies.pdf

# RANNÁN 2: AN CUR CHUIGE CÓRAS ‘UILE-GHUAISE’ AGUS AN GRÚPA NÁISIÚNTA COMHORDAITHE ÉIGEANDÁLAÍ

## 2.1 An Cur Chuige “Uile-Ghuaise”

Glacann Éire Cur Chuige Córas “Uile-Ghuaise” i leith pleanáil agus ullmhacht do roinnt cineálacha éigeandálaí, lena n-áirítear nochtaí éigeandála núicléiche agus raideolaíche.

Tá an cur chuige sin léirithe san fhíor thíos. Tá cur síos níos mine déanta air sna doiciméid dar teideal **Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta** agus **Creat um Bainistíocht Móréigeandála**.




I mbeagán focal, tá cúig chéim i gceist leis:

1. Anailís Guaise.
2. Maolú.
3. Pleanáil agus Ullmhacht.
4. Freagairt.
5. Athshlánú.

Tá an plean seo leagtha amach ina rannáin atá ag teach na céimeanna sin, áit a bpléitear Anailís Guaise ar dtús ( go dtí go bpléitear Athshlánú ar deireadh (Rannán 7).

Tar éis Chéim an Athshlánúcháin, féadfaidh geallsealbhóirí an plean seo a athbhreithniú agus a leasú i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh le linn na héigeandála. Féadfar leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas timthriallach ansin, agus Anailís Guaise nua á déanamh le haghaidh eachtraí postaláidithe amach anseo.

## 2.2 An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí

Chun freagairt do staid náisiúnta nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche, beidh comhordú ag teastáil idir roinnt ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile.
Bainfear é sin amach tríd an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a ghníomhachtú ar mhaithe le freagairt “Uile-Rialtais” a sholáthar don éigeandáil.

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar Phríomhroinn Rialtais, a

chomhordóidh gníomhartha an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí agus é ag freagairt do nochtadh éigeandála núicléiche.

Tá na príomhfhreagrachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus mionsonraí faoi struchtúr agus oibríochtaí an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí leagtha amach sa doiciméad dar teideal **Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála – Struchtúir agus Creat Náisiúnta** agus i dtreoirlínte gaolmhara ar ghlac an Tascfhórsa Rialtais um Pleanáil Éigeandála iad.

# RANNÁN 3: ANAILÍS GUAISE

## 3.1 Réamhrá

Luaitear i Rialachán 55(1)(b) de **Rialacháin 2019** go mbeidh an **Plean Náisiúnta le haghaidh Nochtaí Éigeandála Núicléiche agus Raideolaíche** "bunaithe ar mheasúnú, agus i gcomhréir le measúnú, ar nochtaí éigeandála a d'fhéadfadh teacht as eachtraí a tharlaíonn laistigh den Stát nó lasmuigh de".

## 3.2 Eachtraí a tharlaíonn laistigh den Stát

San am i láthair, ní ann in Éirinn d'aon fhoinsí radaíochta ardleibhéil a d'fhéadfadh staid fhorleathan nochta éigeandála a chruthú ar fud na tíre ar fad nó ar fud cuid di.

Tá coimeád, iompar agus úsáid na bhfoinsí radaíochta a shealbhaítear in Éirinn faoi réir ceadúnas a fháil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is ar an ngnóthas ceadúnaithe iomchuí nó ar an Údarás Áitiúil, a gceanglaítear orthu a bPlean Freagartha Éigeandála féin a bheith acu faoi Rialacháin 57 agus 58 de **Rialacháin 2019**, atá an phríomhfhreagracht as freagairt do staid éigeandála a bhaineann le foinse áitiúil radaíochta.

Aithnítear, áfach, gur féidir go mbeidh gníomhartha freagartha ar an leibhéal náisiúnta ag teastáil do roinnt éigeandálaí den sórt sin. Is féidir go gcomórfar an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí i gcásanna den sórt sin, mar atá leagtha amach i Rannán 6 den phlean seo.

## 3.3 Eachtraí a tharlaíonn lasmuigh den Stát

Is é an t-ábhar imní is láithrí i gcomhthéacs na hÉireann i ndáil le heachtraí a tharlaíonn lasmuigh den Stát agus a d'fhéadfadh staid fhorleathan nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche a chruthú, ar staid í a mbeidh freagairt náisiúnta ag teastáil ina leith, ná an fhéidearthacht atá ann go dtitfeadh eachtra den sórt sin amach i ngléasra núicléach sa Ríocht Aontaithe.

Mar atá leagtha amach i Rannán 1.1 den phlean seo, choimisiúnaigh Éire staidéir fhairsinge Anailíse Guaise chun measúnú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh eachtra den sórt sin agus ar na héifeachtaí ar dóigh di a bheith aici. Is ar Sellafield amháin a dhírítear in dhá cheann de na staidéir sin. Cumhdaítear i staidéar eile na gléasraí cumhachta núicléiche atá beartaithe a thógáil in ocht láthair sa Ríocht Aontaithe. Áirítear leis na hocht láthair sin Wylfa Newydd (an Bhreatain Bheag Thuaidh) agus Hinkley Point C (Somerset), a bhfuil an dá cheann díobh suite go réasúnta gar do chósta thoir na hÉireann.

Rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta staidéar eile dar teideal **An Tionchar**

Eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag Timpiste Núicléach – Cás-Staidéar na hÉireann[16]. Pléitear sa staidéar sin leis na costais shocheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag timpiste nó teagmhas núicléach nó raideolaíoch thar lear d'Éirinn.

Cinneadh sna staidéir Anailíse Guaise nach mbeadh eachtra ag gléasra sa Ríocht Aontaithe ina cúis le haon nochtadh suntasach radaíochta do dhaoine in Éirinn agus nach dtiocfadh aon éifeachtaí sláinte láithreacha inbhraite aisti.

Is é a bheadh sa ghníomh is cuí don chás is déine fiú ná a mholadh do dhaoine fanacht laistigh a mhéid is féidir le linn na tréimhse 24 huaire go 48 n-uaire ina mbeadh an cleitín radaighníomhach ag dul go díreach thar Éirinn. **Ní shamhlaítear gurb ann d'aon chásanna ina measfaí aslonnú ón gcósta thoir a bheith riachtanach.**

Tá tuilleadh mionsonraí faoi chonclúidí na staidéar Anailíse Guaise sin curtha i láthair in Aguisín I.

I gcás teagmhais ag gléasraí núicléacha i dtíortha seachas an Ríocht Aontaithe, is cianda fós atá an fhéidearthacht go mbeadh nochtadh forleathan suntasach ann in Éirinn. Is féidir go mbeidh bearta cosanta sealadacha ag teastáil go fóill, áfach, ag brath ar thosca amhail na dálaí aimsire (go háirithe treo na gaoithe) a bhí i bhfeidhm tráth an teagmhais.

## 3.4 Teagmhais a tharlaíonn i ngar do chósta na hÉireann agus a bhaineann le long nó fomhuireán atá faoi thiomáint cumhachta núicléiche nó le soitheach ar a bhfuil ábhar núicléach

Faoi alt 52 den Acht Cuanta 1996[17], cuirtear toirmeasc sainráite ar shoithí muirí atá faoi thiomáint cumhachta núicléiche, agus ar shoithí ar a bhfuil ábhar núicléach, dul isteach i gcuan Éireannach ach amháin i gcás go dtugtar dispeansáid speisialta dóibh déanamh amhlaidh faoin Acht sin.

I gcás go dtarlódh eachtra a bhaineann le soitheach atá faoi thiomáint cumhachta núicléiche, nó le soitheach ar a bhfuil ábhar núicléach, rud nach dóigh dó tarlú, samhlaítear go mbeadh an eachtra chomh fada sin ar shiúl ó imeallbhord na hÉireann nach mbeidh gníomhartha cosanta forleathana ag teastáil. Cé go bhféadfadh go mbeadh gá ann le foscadh gearrthéarmach i gcás go scaoilfí ábhar san aer, ní dóigh go mbeadh éilliú ó scaoileadh chuig an bhfarraige chomh tromchúiseach sin go mbeadh gníomhartha cosanta poiblí ag teastáil. Bheadh sé riachtanach, áfach, faireachán a dhéanamh ar sháile agus ar bhia mara chun measúnú a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta a fuair daoine agus ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh an bia mara fós oiriúnach dá chaitheamh.

[16] The Potential Economic Impact of a Nuclear Accident - An Irish Case Study (esri.ie)
[17] http://www.irishstatutebook.ie/eli/1996/act/11/section/52/enacted/en/html#sec52

# RANNÁN 4: MAOLÚ

## 4.1 Maolú i leith teagmhais thar lear

Tá Éire tiomanta d'obair i gcomhar le piaraí idirnáisiúnta ar mhaithe le cosaint radaíochta agus sábháilteacht núicléach a bhreisiú agus a fheabhsú ar fud an domhain, agus leanann sí dá bheith ina ball gníomhach de roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (EURATOM), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, an Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach, agus an Grúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach.

Tá Éire ina páirtí i roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta a bhaineann le sábháilteacht núicléach agus le cosaint radaíochta. Áirítear iad seo a leanas leo sin:

- **An Coinbhinsiún um Luath-Fhógra i dtaobh Taisme Núicléach**[18]
- **An Coinbhinsiún um Chúnamh i gcás Taisme Núicléach nó Éigeandáil Raideolaíoch do Tharlú**[19]
- **An Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach**[20]
- **An Coinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí**[21]
- **An Coinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach, lena n-áirítear Saoráidí Núicléacha**[22]

Trína bheith ina ball de chomhlachtaí den sórt sin, agus trína bheith ina páirtí i gcoinbhinsiúin den sórt sin, tugtar ardán d'Éirinn chun rannchuidiú le hardchaighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le sábháilteacht núicléach agus raideolaíoch agus chun a chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin sin.

## 4.2 Maolú i leith teagmhais in Éirinn

Feidhmíonn Éire creat rialála agus maoirseachta den chéad scoth maidir le foinsí radaíochta a choimeád, a iompar agus a úsáid faoi na hAchtanna um Chosaint Raideolaíoch, 1991 go 2018. Tá gníomhaíochtaí cigireachta radaíochta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil creidiúnaithe go foirmiúil de réir Chaighdeán ISO, rud lena n-éascaítear oscailteacht agus trédhearcacht, mar aon le measúnú agus feabhsú leanúnach. Tugann cigirí ón nGníomhaireacht faoi ghnáthchigireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn ceanglais reachtacha agus coinníollacha ceadúnais á gcomhlíonadh. Déanann an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Choireacht iniúchtaí slándála ar shaoráidí ina sealbhaítear foinsí radaighníomhacha ardghníomhaíochta agus ar shaoráidí ina sealbhaítear líon mór foinsí radaighníomhacha. Dá bhrí sin, tá próisis mhaolaithe i bhfeidhm ón tráth a thosaítear ar aon fhoinse radaíochta a úsáid in Éirinn.

[18] https://www.iaea.org/sites/default/files/infcirc335.pdf
[19] https://www.iaea.org/sites/default/files/infcirc336.pdf
[20] https://www.iaea.org/publications/documents/infcircs/convention-nuclear-safety
[21] https://www.iaea.org/sites/default/files/infcirc546.pdf
[22] https://www.iaea.org/publications/documents/infcircs/convention-physical-protection-nuclear-material

# RANNÁN 5: PLEANÁIL AGUS ULLMHACHT

## 5.1 Réamhrá

Tá roinnt nithe i gceist le pleanáil agus ullmhacht do fhreagairt náisiúnta do staid nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche. Áirítear leo sin na ceanglais atá leagtha amach i Rialachán 55 de **Rialacháin 2019**.

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a stiúrann an obair pleanála agus ullmhachta, ar ina leith a oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar phríomhúdarás inniúil.

## 5.2 Córais fógartha le haghaidh eachtraí núicléacha nó raideolaíocha thar lear

Is trí cheann amháin, nó tríd an dá cheann, de na nithe seo a leanas a gheofaí fógra foirmiúil in Éirinn faoi eachtra éigeandála núicléiche nó raideolaíche thar lear:

- Socruithe **Chóras an Chomhphobail Eorpaigh don Mhalartú Faisnéise i gCás Éigeandáil Raideolaíoch**[23] (ECURIE).
- Socruithe EMERCON na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, a n-oibríonn a **Lárionad Teagmhas agus Éigeandála**[24] iad.

Is é an Garda Síochána a ghníomhaíonn mar Phointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann le haghaidh ECURIE agus EMERCON araon agus is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an t-údarás inniúil náisiúnta le haghaidh an dá thacar socruithe. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht córas oifigeach radaíochta ar glao-dhualgas, áit a mbíonn ball foirne sinsearach ar dualgas 24 huaire sa lá, seacht lá sa tseachtain. Díreach tar éis fógra foláirimh a fháil, déanfaidh an Pointe Teagmhála Náisiúnta teagmháil leis an oifigeach radaíochta ar dualgas de chuid na Gníomhaireachta. Cuirfidh an duine sin an Phríomhroinn Rialtais ar an eolas faoin bhfoláireamh ansin.

I gcás go dtarlóidh teagmhas ag gléasra núicléach sa Ríocht Aontaithe, gheobhaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil araon fógra ón Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche sa Ríocht Aontaithe freisin, ar aon dul le téarmaí an chomhaontaithe dhéthaobhaigh prótacail idir an dá Stát.

[23] https://ecurie.jrc.ec.europa.eu/Default.aspx
[24] https://www.iaea.org/about/organizational-structure/department-of-nuclear-safety-and-security/incident-and-emergency-centre

Tarlóidh sé sin i ngach cás, is cuma cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh an teagmhas aon difear raideolaíoch d'Éirinn.

Tar éis aon fhógra a fháil, is féidir go dtabharfaidh an t-oifigeach radaíochta ar dualgas de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil cúnamh don Phríomhroinn Rialtais maidir le measúnú tosaigh a dhéanamh ar an staid.

Is féidir go mbainfidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar Phríomhroinn Rialtais, leas as an gcomhairle sin, agus as comhairle ó dhaoine eile a ndearnadh teagmháil leo, chun a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a chomóradh chun freagairt náisiúnta a ghníomhachtú ar mhaithe leis na bearta atá leagtha amach sa phlean seo a chur i ngníomh.

## 5.3 Faireachán raideolaíoch in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta

Mar chuid d'ullmhacht éigeandála na hÉireann, feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil **líonra faireacháin náisiúnta**[25] le haghaidh leibhéil radaíochta comhthimpeallaí, cáithníní radaighníomhacha san aer agus deascadh éilliúcháin ar an talamh a bhrath agus a thomhas.

Déantar é sin le cúnamh ó Met Éireann, ó Údaráis Áitiúla agus ó Óglaigh na hÉireann.

Tá na nithe seo a leanas i gceist leis an líonra:

- Faireachán leanúnach a dhéanamh ar rátaí dáileoige gáma ag 15 láithreán.
- Córais samplála aeir ag 11 láithreán.
- Córais bhailiúcháin uisce báistí ag sé láithreán.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, soláthraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sonraí faireacháin raideolaíoch don **Ardán Eorpach um Malartú Sonraí Raideolaíochta**[26] (EURDEP). Seoltar sonraí faireacháin na hÉireann chuig EURDEP gach uair. Soláthraíonn formhór na dtíortha Eorpacha na sonraí sin i bhfíor-am, beagnach. Beidh sonraí EURDEP ar fáil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le linn freagairt éigeandála.

Tá rochtain ag an nGníomhaireacht ar shonraí ó **RIMNET**[27] freisin, ar líonra stáisiún faireacháin radaíochta na Ríochta Aontaithe é. Déanann Éire agus an Ríocht Aontaithe na sonraí óna stáisiúin faireacháin ar rátaí dáileoige gáma a chomhroinnt lena chéile, agus sonraí á malartú go huathoibríoch gach uair.

25 Mar atá mionsonraithe ag http://www.epa.ie/radiation/monassess/mapmon/, áit a ndéantar sonraí beo ó roinnt stáisiún a fhoilsiú ar líne.
26 https://remon.jrc.ec.europa.eu/About/Rad-Data-Exchange
27 https://www.gov.uk/government/publications/rimnet-frequently-asked-questions

## 5.4 Leibhéil tagartha le haghaidh nochtadh poiblí agus nochtadh ceirde éigeandála

Leag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leibhéil tagartha síos le haghaidh nochtadh poiblí agus nochtadh ceirde éigeandála i gcás éigeandálaí núicléacha nó raideolaíocha. Úsáidfear na leibhéil sin chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le cé na gníomhartha cosanta ba cheart a chur chun feidhme. Tá na leibhéil tagartha sin leagtha amach in Aguisín II.

Leag an Ghníomhaireacht leibhéil idirghabhála oibríochtúla síos freisin. Tógadh iad sin ó na critéir chineálacha a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh maidir le gníomhartha cosanta agus gníomhartha freagartha eile sa luathchéim d'éigeandáil nochta núicléach nó raideolaíoch. I gcás go sáraítear leibhéal idirghabhála oibríochtúla, nó go meastar go sárófar é, ba cheart an gníomh cosanta gaolmhar a chur chun feidhme. Is féidir go gcuirfear gníomhartha cosanta chun feidhme ar leibhéil níos ísle freisin.

Tá na leibhéil idirghabhála oibríochtúla sin leagtha amach in Aguisín II freisin.

## 5.5 Socruithe le haghaidh comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt do staid nochta éigeandála

Tá na socruithe le haghaidh freagairt náisiúnta do staid nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche comhtháthaithe isteach sna córais bhainistíochta éigeandála "Uile-Ghuaise" atá ann ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta. Ar an leibhéal náisiúnta, déanann an tAire ar a bhfuil freagracht as Cosaint cathaoirleacht ar an Tascfhórsa Rialtais um Pleanáil Éigeandála, rud a dhéanann formhaoirseacht ar chomhordú agus comhar maidir le bainistíocht éigeandála náisiúnta agus straitéiseach agus a chinntíonn an leibhéal is airde comhordaithe agus comhair. I gcás éigeandáil ar an leibhéal náisiúnta, nó i gcás bagairtí a bhaineann le staid éigeandála atá ag teacht chun cinn, tugtar sa doiciméad dar teideal **Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta**, ar cheadaigh an Rialtas é i mí Iúil 2017, breac-chuntas ar phrionsabal na Príomhroinne Rialtais agus ar an dóigh a gcuirtear an prionsabal sin i bhfeidhm ar fud cur chuige "uile-Rialtais" i leith freagairtí den sórt sin a bhainistiú. I gcás an Phlean Náisiúnta seo, is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar Phríomhroinn Rialtais, a stiúrann na freagairtí sin tríd an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a chomóradh.

Tagann an Tascfhórsa Rialtais le chéile go tráthrialta (gach sé seachtaine go hocht seachtaine, nó mar sin) chun saincheisteanna pleanála éigeandála a phlé agus a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, chun treoirlínte agus prótacail a bhunú, chun eispéiris a chomhroinnt ó chleachtaí éigeandála agus ó fhíor-eachtraí, agus chun forbairt a dhéanamh ar mhódúlachtaí na bhfreagairtí d'éigeandálaí ar an leibhéal náisiúnta. Tugann sé sin deis thráthrialta don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil araon idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile a bheadh páirteach sa Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí freisin dá mbeadh sé riachtanach é a chomóradh i gcás staid fhorleathan nochta éigeandála núicléiche nó

raideolaíche.

Ina theannta sin, eagraíonn an Roinn agus an Ghníomhaireacht cleachtaí chun an plean seo a thástáil agus chun eolas a thabhairt do ranna agus gníomhaireachtaí eile ar a bhfuil ann. Áirítear leis sin páirt a ghlacadh i gcleachtaí idirnáisiúnta cosúil leo sin a eagraíonn an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (sraith ConvEx), Gníomhaireacht ECFE um Fhuinneamh Núicléach (sraith INEX), agus an tAontas Eorpach.

## 5.6 Socruithe le haghaidh idirchaidreamh agus comhar idirnáisiúnta

Maidir le hullmhacht do chomhordú pras a dhéanamh i gcomhar le Ballstáit eile agus le Tríú Tíortha ar féidir go mbeidh baint acu le staid nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche (nó ar dóigh go ndéanfaidh staid den sórt sin difear dóibh), tá Éire ina páirtí conarthach sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chúnamh i gcás Taisme Núicléach nó Éigeandáil Raideolaíoch do Tharlú.

Cumasaítear leis an gcoinbhinsiún sin d'Éirinn cúnamh idirnáisiúnta a iarraidh chun tacú lena freagairt do nochtadh éigeandála núicléiche nó raideolaíche, is cuma cé acu a thosaigh nó nár thosaigh an éigeandáil sin laistigh den Stát.

I gcás tubaiste nádúrtha, theicneolaíoch nó comhshaoil laistigh den Aontas Eorpach, cumasaítear le Sásra an Chomhphobail Eorpaigh um Chosaint Shibhialta do na Ballstáit cúnamh a iarraidh ó Bhallstáit eile i gcás go dteastóidh tacaíocht ó sheirbhísí éigeandála intíre chun déileáil leis an tubaiste lena mbaineann.

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an t-údarás inniúil ainmnithe le haghaidh iarrataí cúnaimh a dhéanamh agus a fháil agus le haghaidh cúnamh a thairiscint do dhaoine eile, de bhun an Choinbhinsiúin um Chúnamh. Beidh iarrataí nó tairiscintí cúnaimh den sórt sin faoi réir ceadú a fháil ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, mar atá leagtha amach in **alt 27(2) den Acht um Chosaint Raideolaíoch (1991)**[28].

## 5.7 Faisnéis don phobal i gcoitinne

Beidh faisnéis ghinearálta maidir le cumhacht núicléach, radaighníomhaíocht agus pleanáil éigeandála ar fáil don phobal gach tráth ar an suíomh Gréasáin **www.nuclear.ie**.

I gcás go dtarlóidh staid nochta éigeandála, soláthrófar faisnéis bhreise ar an suíomh sin, de réir mhionsonraí na staide. Áireofar leis an bhfaisnéis sin mionsonraí faoin gcúis leis an éigeandáil, faoi cá fhad a mheastar a mhairfidh an nochtadh éigeandála, agus faoi aon bhearta cosanta a bheidh ag teastáil. Scaipfear an fhaisnéis sin trí na meáin chraolacháin agus trí na meáin shóisialta freisin.

[28] http://www.irishstatutebook.ie/eli/1991/act/9/section/27/enacted/en/html

# RANNÁN 6: FREAGAIRT

## 6.1 Nithe a spreagfaidh freagairt náisiúnta

Mar atá leagtha amach i Rannán 5.2 thuas, is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar Phríomhroinn Rialtais, a bheidh freagrach as a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart an Plean Náisiúnta a ghairm mar fhreagairt d'éigeandáil núicléach nó raideolaíoch agus cé acu ba cheart nó nár cheart an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a chomóradh.

Beidh an cinneadh bunaithe ar mheasúnú ar scála an nochta éigeandála agus ar an mbagairt a d'fhéadfadh sé a chruthú d'Éirinn. Áirítear iad seo a leanas leis na nithe agus na critéir oibríochtúla ar féidir go gcuirfidh siad bonn eolais faoi chinneadh den sórt sin:

- Fógra a fháil faoi éigeandáil núicléach nó raideolaíoch thar lear trí ECURIE agus/nó EMERCON, ar éigeandáil í a d'fhéadfadh nochtadh forleathan éigeandála a chruthú in Éirinn;
- Fógra a fháil faoi éigeandáil núicléach nó raideolaíoch tríd an gcomhaontú déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe, ar éigeandáil í a d'fhéadfadh nochtadh forleathan éigeandála a chruthú in Éirinn;
- Léamha atá os cionn na leibhéal tagartha nó na leibhéal idirghabhála oibríochtúla atá leagtha síos ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (dá dtagraítear i Rannán 5.4 agus atá leagtha amach in Aguisín II) a fháil ó stáisiúin faireacháin raideolaíoch ar fud na hÉireann (dá dtagraítear i Rannán 5.3);
- Staid nochta éigeandála a thitim amach, ar staid í lena ngabhann bagairt ar an tsábháilteacht nó an tsláinte phoiblí, ar fheidhmiú sóisialta agus eacnamaíoch nó ar bhonneagar, ar mhaoin nó ar an gcomhshaol ar scála óna dteastaíonn freagairt ilghníomhaireachta chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta;
- Staid nochta éigeandála a thitim amach, ar éigeandáil í óna dteastaíonn cur chuige comhordaithe "uile-Rialtais" ar an leibhéal náisiúnta, ar cur chuige é a bhfuil i gceist leis an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a chomóradh de réir na bhforálacha atá sa doiciméad dar teideal **Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta** agus/nó cur chuige comhordaithe ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil trí na struchtúir atá i bhfeidhm faoin g**Creat um Bainistíocht Móréigeandála**;
- I gcás gur gá iarracht freagartha a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta ar mhaithe le leas an phobail;
- I gcás go mbeidh comhairle, acmhainní nó tacaíocht ó roinnt foinsí nach dtagann faoi shainchúram na Príomhroinne Rialtais ná na bpríomhghníomhaireachtaí freagartha ag teastáil;
- I gcás go mbeidh an Phríomhroinn Rialtais den tuairim go bhfuil sé tábhachtach an fhreagairt a ghéarú chuig an leibhéal náisiúnta;
- In imthosca áirithe ina mbeidh cúnamh idirnáisiúnta ó dhlínse eile ag teastáil nó ina n-

iarrfaidh dlínse eile an cúnamh sin chun freagairt d'éigeandáil;

- I gcás nach measfar gur tharla éigeandáil go fóill ach go measfar go dtarlóidh sí; nó
- Cibé imthosca eile a shainaithneoidh an Phríomhroinn Rialtais.

## 6.2 An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a ghníomhachtú agus comhdhéanamh an Ghrúpa

I gcás go gcinnfidh an Phríomhroinn Rialtais go mbeidh freagairt náisiúnta do nochtadh éigeandála núicléiche nó raideolaíche ag teastáil, cuirfidh sí an Oifig Pleanála Éigeandála ar an eolas faoin gcinneadh sin.

Ina dhiaidh sin, gairfidh an Oifig Pleanála Éigeandála na socruithe le haghaidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a chomóradh. Déanfaidh an Phríomhroinn Rialtais cathaoirleacht ar chruinnithe an Ghrúpa, mar atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta agus sa doiciméad gaolmhar dar teideal **Treoirlínte le haghaidh Comhordú a Dhéanamh ar Fhreagairt Éigeandála/Géarchéime ar an Leibhéal Náisiúnta**[29]. Tá na róil a bheidh ag an nGrúpa le linn na freagartha leagtha amach sna doiciméid sin.
Ar aon dul le hIarscríbhinn A a ghabhann leis an doiciméad dar teideal Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta, gheofar tacaíocht ó na comhlachtaí seo a leanas:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Cosanta
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Teagasc
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Na Coimisinéirí Ioncaim
- An Garda Síochána
- Uisce Éireann
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Údaráis Áitiúla
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Met Éireann
- Gardaí Cósta na hÉireann
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- Cosaint Shibhialta
- Óglaigh na hÉireann
- RTÉ agus craoltóirí eile

In aon phleananna a n-ullmhóidh ranna nó gníomhaireachtaí iad agus ina leagfar amach a mbearta freagartha d'éigeandálaí náisiúnta, ba cheart soláthar a dhéanamh do bhearta atá ceaptha chun tacú

29 https://emergencyplanning.ie/en/media/11

leis an bhfreagairt chomhordaithe náisiúnta do staid nochta éigeandála núicléiche agus raideolaíche, ar aon dul leis na feidhmeanna reachtúla atá acu. Mar phríomhúdarás inniúil, forbróidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil fophlean mionsonraithe ina leagfar amach a bearta freagartha do staideanna nochta éigeandála núicléiche agus raideolaíche.

## 6.3 Freagairt d'eachtra núicléach nó raideolaíoch thar lear

Maidir leis na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn chéim na freagartha do theagmhas núicléach nó raideolaíoch thar lear, ar teagmhas é ar dóigh dó a bheith ina chúis le nochtadh forleathan éigeandála in Éirinn, is féidir iad a roinnt ina dtrí chéim ar leith:

1. **Céim an Fholáirimh:** Gníomhartha réamhchúramacha a dhéanamh láithreach le linn don chleitín radaighníomhach druidim isteach le hÉirinn.
2. **Céim an Nochta:** Gníomhartha faireacháin agus anailíse a dhéanamh le linn don chleitín radaighníomhach dul thar Éirinn.
3. **Céim na Freagartha:** Gníomhartha cosanta breise a chur chun feidhme, de réir mar is gá, ar feadh thréimhse na héigeandála, ar gníomhartha iad a bheidh bunaithe ar fhionnachtana, moltaí agus saineolas iomchuí.

### 6.3.1 Na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn Chéim an Fholáirimh

Is iad a bheidh sna tosaíochtaí díreach tar éis fógra a fháil faoi staid nochta éigeandála atá le teacht ná an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin staid agus bearta cosanta tosaigh a chur chun feidhme. Áireofar iad seo a leanas leis na gníomhartha a bheidh ag teastáil:

- Comórfar cruinniú réamhchúramach de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.
- Déanfaidh foireann measúnaithe theicniúil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil faireachán ar fholáirimh agus sonraí ó ECURIE, ó EMERCON, ó EURDEP agus/nó ó RIMNET, de réir mar is cuí.
- Tabharfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil deimhniú don Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí á rá go bhfuil a líonra náisiúnta stáisiún faireacháin radaíochta ag feidhmiú go cuí.
- Déanfaidh Met Éireann measúnú ar threo agus luas na gaoithe agus ar dhálaí meitéareolaíocha (reatha agus réamh-mheasta) eile agus ar an tionchar ar dóigh dóibh a bheith acu ar scaipeadh an chleitín radaighníomhaigh atá ag druidim linn.
- Déanfaidh Foghrúpa Cumarsáide de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (féach Aguisín III) faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne faoin nochtadh atá le teacht agus faoi na gníomhartha molta, ag obair dó trí na meáin chraolacháin, trí na meáin shóisialta agus tríd

an suíomh Gréasáin **www.nuclear.ie**.

- Déanfaidh an Foghrúpa Cumarsáide faisnéis eile a scaipeadh, de réir mar is cuí, ar earnálacha amhail an earnáil talmhaíochta agus an earnáil sláinte freisin, ar aon dul le cinntí ón nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí. Beidh na cinntí sin bunaithe ar ionchur ón bPríomhroinn Rialtais, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó ionadaithe do na hearnálacha lena mbaineann.

Toisc nach samhlaítear sna staidéir Anailíse Guaise dá dtagraítear i Rannán 3 agus atá leagtha amach tuilleadh in Aguisín I aon staid ina mbeidh aslonnú an phobail i gcoitinne ag teastáil agus toisc go dtagtar ar an gconclúid iontu gur dóigh go mbeidh foscadh gearrthéarmach (24 huaire go 48 n-uaire) ar an ngníomh is cuí, ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, is é a bheidh sa teachtaireacht bhunúsach tosaigh a chuirfear in iúl do dhaoine den phobal i gcoitinne ná:

**"Téigí Isteach – Fanaigí Isteach – Tiúnálaigí Isteach"**

i.e., moltar dóibh dul isteach a luaithe is féidir, fanacht isteach a mhéid is féidir go dtí go bhfógrófar a mhalairt, agus tiúnáil isteach i meáin chraolacháin **na hÉireann** chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Ba cheart tuilleadh mionsonraí a bhaineann leis an nochtadh agus na gníomhartha molta a chraoladh don phobal de réir mar a thagann siad chun bheith ar fáil. Tá treoir maidir le feasacháin faisnéise poiblí agus maidir le seisiúin faisnéise do na meáin leagtha amach in Aguisín III.

### 6.3.2 Na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn Chéim an Nochta

Is é a bheidh anseo ná an chéim chriticiúil freagartha de réir mar a théann an cleitín radaighníomhach thar Éirinn. Tabharfaidh faireachán raideolaíoch bonn eolais faoin gcinnteoireacht, agus beidh ríthábhacht ag baint le cumarsáid éifeachtach sheasmhach a dhéanamh le gach geallsealbhóir agus leis an bpobal i gcoitinne. Áireofar iad seo a leanas leis na gníomhartha a bheidh ag teastáil:

- Leanfaidh an fhoireann measúnaithe theicniúil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le faireachán a dhéanamh ar fholáirimh agus sonraí ó ECURIE, ó EMERCON, ó EURDEP agus/nó ó RIMNET, de réir mar is cuí.
- Leanfaidh an Ghníomhaireacht le faireachán a dhéanamh ar shonraí óna líonra náisiúnta stáisiún faireacháin radaíochta freisin, chun measúnú a dhéanamh ar athruithe sna leibhéil radaíochta atá i réim agus ar na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na leibhéil sin i láithreacha éagsúla.
- Soláthróidh Met Éireann sonraí reatha agus sonraí réamhfhaisnéisithe faoi luas na gaoithe, faoi threo na gaoithe, faoi bháisteach réamh-mheasta, etc., chun gur féidir conair leantach an chleitín thar Éirinn agus na héifeachtaí ar dóigh dó a

bheith aige a thuar.

- Bainfidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí ina iomláine leas as sonraí agus tuartha den sórt sin chun breithniú a dhéanamh ar aon bhearta cosanta poiblí cuí eile, faoi réir na dtreoirlínte seo a leanas:
    - Agus breithniú a dhéanamh ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí ar aon ghníomh cosanta nó ar aon fhrithbheart, ba cheart a chinntiú go bhféachfar le cothromaíocht a bhaint amach idir an chomhairle eolaíoch agus theicniúil a soláthraíodh agus an tionchar a bheidh ag an ngníomh nó ag an bhfrithbheart atá beartaithe. Beidh sé sin iomchuí go háirithe le linn foscadh, taisteal, comaitéireacht, obair amuigh faoin spéir agus caitheamh uisce óil, táirgí déiríochta agus earraí bia eile a bhreithniú. Is féidir go mbeidh gá ann le gníomhartha cosanta atá sonrach don earnáil, e.g., oibrithe éigeandála, baill foirne Údaráis Áitiúil, feirmeoirí, etc.
    - Ba cheart uainiú aon ghnímh chosanta a bhreithniú freisin (i.e., cén uair ba cheart tús agus deireadh a chur leis an ngníomh). Ba cheart aon ghníomh cosanta a choinneáil i bhfeidhm ar feadh na tréimhse is giorra is féidir.
    - Beidh ranna agus gníomhaireachtaí aonair agus comhlachtaí eile freagrach as gníomhartha cosanta a chur chun feidhme ina réimsí inniúlachta féin.
    - Tabharfaidh an t-ionadaí ó gach roinn, gníomhaireacht nó comhlacht eile ar an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí tuairisc dá (h)eagraíocht féin maidir leis na bearta cosanta agus rachaidh sé/sí idirchaidreamh léi maidir le cur chun feidhme.
    - Is féidir go mbunóidh Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí fochoistí cur chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na mbeart cosanta agus chun tuairisc a thabhairt air.
- Soláthróidh Foghrúpa Cumarsáide an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí feasacháin thráthrialta faisnéise do gach geallsealbhóir agus don phobal i gcoitinne maidir leis an gcleitín, maidir leis na héifeachtaí a bheidh aige agus maidir leis na gníomhartha cosanta a bheidh ag teastáil.

### 6.3.3 Na gníomhartha a bheidh ag teastáil le linn Chéim na Freagartha

Tar éis don chleitín dul thar Éirinn ar fad, nó thar an gcuid is mó di, tosófar ar shocruithe a dhéanamh don fhreagairt fhadtéarmach don éigeandáil. Gné lárnach den phróiseas cinnteoireachta a bheidh i sampláil a dhéanamh ar an aer, ar an uisce, ar an ithir agus ar earraí bia. Áireofar iad seo a leanas leis na gníomhartha a bheidh ag teastáil:

- Slógfar foirne pearsan chun na samplaí riachtanacha a bhailiú ag láithreacha ar fud na hÉireann[30]. Is féidir go mbeidh comhlachtaí geallsealbhóirí freagrach as samplaí a bhailiú óna réimsí freagrachta féin, e.g.:
    - Is féidir go mbaileoidh Uisce Éireann samplaí d'uisce óil.
      Is féidir go mbaileoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann samplaí de bhainne, d'fheoil, de ghráinní, etc.
    - Is féidir go mbaileoidh Met Éireann samplaí aeir agus báistí ó stáisiúin aimsire.
- Tabharfar gach sampla den sórt sin chuig saotharlanna ainmnithe chun tástáil/faireachán a dhéanamh orthu. Cuirfear na torthaí in iúl díreach ina dhiaidh sin don Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.
- Gheobhaidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí sonraí freisin ón bhfaireachán leanúnach a dhéantar ar rátaí dáileoige gáma ag stáisiúin de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar fud na tíre agus ó cibé faireachán eile a dhéanfaidh Óglaigh na hÉireann, an Chosaint Shibhialta agus/nó daoine eile.
- Déanfaidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí breithniú ar thorthaí na samplála agus an fhaireacháin ar fad le linn dó moltaí a chur le chéile le haghaidh bearta cosanta fadtéarmacha.
- Tosóidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí ar bhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha don aistriú ó staid nochta éigeandála chuig staid nochta reatha ("Céim an Athshlánúcháin" – Féach Rannán 7).

[30] Cé gur féidir go molfar don phobal fanacht laistigh mar réamhchúram, mheasfaí gurbh íseal a bheadh na rátaí dáileoga a bhainfeadh do dhaoine amuigh faoin spéir fiú amháin le linn don chleitín radaighníomhach dul thart. Ní shamhlaítear go mbeadh ar phearsana a bheadh ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin aon trealamh cosanta pearsanta sonrach a úsáid agus leibhéil dáileoige den sórt sin i réim. Ní shamhlaítear ach oiread go mbeadh aon réamhchúraimí speisialta le glacadh ag daoine eile, amhail feirmeoirí agus oibrithe amuigh faoin spéir.

## 6.3.4 Rialacháin agus Orduithe a bheidh le déanamh ag Airí áirithe

Ar mhaithe le daoine aonair a chosaint ar ghuaiseacha raideolaíocha i gcéim na freagartha, foráiltear leis na h**Achtanna um Chosaint Raideolaíoch, 1991 go 2018**, go bhféadfaidh Airí áirithe rialacháin a dhéanamh de réir fhorálacha na nAchtanna sin:

- Foráiltear le **halt 32 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991**[31], go bhféadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara iompar, díol, caitheamh, marú, diúscairt nó saothrú bia, barr, ainmhithe, éisc agus flora agus fauna eile a rialáil. Foráiltear leis freisin go bhféadfaidh an tAire Sláinte allmhairiú nó onnmhairiú aon bhia a rialáil.
- Foráiltear le **halt 31 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991**[32], go bhféadfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cibé ordacháin is cuí leis/léi a thabhairt chun úsáideoirí aon soláthair uisce atá ceaptha lena chaitheamh ag an duine (cibé acu is soláthar poiblí nó soláthar príobháideach é) a chosaint agus chun iad a chur ar an eolas faoi.

[31] http://www.irishstatutebook.ie/eli/1991/act/9/section/32/enacted/en/html
[32] http://www.irishstatutebook.ie/eli/1991/act/9/section/31/enacted/en/html

### 6.3.5 Cúnamh a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha thar lear

Is ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha a bheidh an phríomhfhreagracht as cúnamh a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha atá i gcomharsanacht láthair aon eachtra núicléiche nó raideolaíche agus as cúnamh a thabhairt i leith cúraimí gaolmhara eile. Áireofar iad seo a leanas leis na gníomhartha a bheidh ag teastáil:

- Cúnamh consalachta a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha a ndearna an eachtra éigeandála difear díreach nó indíreach dóibh.
- Comhairle a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha thar lear maidir le hiarmhairtí na heachtra.
- Bainistiú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le saoránaigh Éireannacha thar lear.
- I gcomhar leis na Ballstáit den Aontas Eorpach, comhordú a dhéanamh ar an gcomhairle taistil a thabharfar do shaoránaigh Éireannacha a bhfuil sé beartaithe acu taisteal chuig na réigiúin atá buailte.
- Gníomhú mar nasc idir an tAontas Eorpach agus an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí maidir le bainistíocht géarchéime a chomhordú.
- Faisnéis a fháil ó ambasáidí Éireannacha thar lear lena cur ar aghaidh chuig an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le haon socruithe riachtanacha a bhaineann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh i gcás Taisme Núicléach nó Éigeandáil Raideolaíoch do Tharlú.

## 6.4 Freagairt d’eachtra áitiúil núicléach nó raideolaíoch in Éirinn

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, is ar an údarás áitiúil iomchuí nó ar an ngnóthas ceadúnaithe atá freagrach as an bhfoinse radaíochta is cúis leis an nochtadh atá an phríomhfhreagracht as déileáil le nochtadh áitiúil éigeandála núicléiche nó raideolaíche in Éirinn.

I gcásanna áirithe, áfach, is féidir go mbeidh freagairt atá comhordaithe go lárnach ar an leibhéal náisiúnta ag teastáil i leith nochtadh den sórt sin. Mar sin, is féidir go gcomórfar an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí agus go ngníomhóidh sé ar an tslí atá leagtha amach thuas.

Ní dóigh go mbeidh na gníomhartha atá leagtha amach ag teastáil ach amháin sa limistéar atá buailte i gcomharsanacht an nochta. Ina theannta sin, is féidir nach mbeidh ar roinnt de na comhlachtaí atá liostaithe i Rannán 6.2 bheith i láthair ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí. Tabharfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar Phríomhroinn Rialtais, comhairle maidir le cé na comhlachtaí ar cheart dóibh a bheith i láthair agus déanfaidh sí formhaoirseacht ar an dóigh a mbeidh róil á gcomhordú ag an nGrúpa.

# RANNÁN 7: ATHSHLÁNÚ

## 7.1 Réamhrá

Tugtar le fios i staidéir anailíse guaise gur dóigh gurbh iarmhairtí socheacnamaíocha, seachas iarmhairtí a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, a bheadh sna hiarmhairtí is suntasaí agus is marthanaí a bheadh ag staid nochta éigeandála núicléiche d'Éirinn. Bheadh iarmhairtí ar leith ann don talmhaíocht agus don mhórearnáil táirgthe bia.

Rinneadh ceithre chás, inar cumhdaíodh cineálacha éagsúla déine tionchair, a phostaláidiú agus a anailísiú go mion sa staidéar dar teideal An Tionchar Eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag Timpiste Núicléach – Cás-Staidéar na hÉireann (2016) ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tuartar sa staidéar sin na costais eacnamaíocha iomlána a bheadh ag baint le gach ceann de na cásanna sin d'Éirinn.

Díreofar i gCéim an Athshlánúcháin ar bhearta a mbeidh mar aidhm leo na costais sin a íoslaghdú. Is féidir an chéim seo a mheas a bheith ina freagairt do staid nochta reatha freisin.

## 7.2 Aistriú ó staid nochta éigeandála chuig staid nochta reatha

Cuid lárnach den éigeandáil a fhoirceannadh agus den aistriú ó staid nochta éigeandála chuig staid nochta reatha a bheidh san aistriú dualgas ón nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí chuig an gcomhlacht a ainmneofar chun athshlánú a stiúradh, mar atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta. Is féidir go gcuirfear tús le Céim an Athshlánúcháin le linn do Chéim na Freagartha a bheith fós ar siúl, agus bearta athshlánúcháin á dtionscnamh láithreach ag an bPríomhroinn Rialtais.

Tá critéir mhionsonraithe le haghaidh na bearta freagartha éigeandála a dhíghníomhachtú leagtha amach in Aguisín IV.

## 7.3 Saincheisteanna a ndéileálfar leo le linn an Athshlánúcháin

Beidh cur chuige "Uile-Rialtais" ag teastáil go fóill le linn Chéim an Athshlánúcháin. Beidh struchtúr comhordaithe na hiarrachta athshlánúcháin bunaithe ar chineál agus scála an nochta ardaithe mharthanaigh.

Chun cabhrú leis an iarracht athshlánúcháin fhadtéarmach, forbróidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide straitéis le haghaidh déileáil le limistéir éillithe agus le staideanna nochta reatha, de réir Rialachán 56 de **Rialacháin 2019**.

Is dóigh go n-áireofar iad seo a leanas leis na gníomhaíochtaí trasrialtasacha a bheidh riachtanach:

- Faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar don phobal.
- Faireachán leanúnach a dhéanamh ar bhia agus ar an gcomhshaol chun leibhéil radaighníomhaíochta a shuí.
- Bearta leanúnacha talmhaíochta agus táirgthe bia a dhéanamh chun nach n-aistreofar radaighníomhaíocht chuig bia ná chuig beatha d'ainmhithe nó chun aistriú den sórt sin a laghdú.
- Tacú le filleadh ar ghnáthghníomhaíocht shocheacnamaíoch, más gá. Is féidir go n-áireofar leis sin bearta chun tacú leis an gcáil atá ar Éirinn mar thír táirgthe bia ar ardchaighdeán le haghaidh margaí onnmhairiúcháin.
- Soláthar a dhéanamh do dhramhaíl radaighníomhach agus neamhradaighníomhach a bhainistiú.
- Breithniú a dhéanamh ar chúiteamh a sholáthar i leith caillteanas.

Is dóigh go rachfar i mbun ardleibhéal teagmhála le geallsealbhóirí i ndáil le saincheisteanna athshlánúcháin. Is é an toradh a bheidh ar ról a thabhairt do gheallsealbhóirí ná feabhas a chur ar an dóigh a ndéanfar straitéisí cuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme don athshlánú leanúnach.

## 7.4 Pleananna athshlánúcháin

Ar mhaithe leis an straitéis athshlánúcháin leanúnaigh a bhainistiú go héifeachtúil, ba cheart don Phríomhroinn Rialtais, agus do gach roinn, gníomhaireacht nó comhlacht eile ar a mbeidh freagracht as aon ghné den athshlánú, Plean Athshlánúcháin mionsonraithe a fhorbairt. I ngach plean, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shaintréithe na staide iar-éigeandála agus ar na saincheisteanna sainaitheanta athshlánúcháin. Ní féidir na pleananna sin a mhionléiriú ach amháin mar fhreagairt do mhionsonraí aon staide a thiocfaidh chun cinn. Ba cheart aird a thabhairt i bpleananna den sórt sin ar an treoir atá tugtha maidir le Céim an Athshlánúcháin i gCaibidil 7 den doiciméad dar teideal Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta.

# RANNÁN 8: ATHBHREITHNIÚ

## 8.1 Tástáil agus athbhreithniú

Déanfar an Plean Náisiúnta seo a thástáil go tráthrialta trí chleachtaí, lena n-áirítear cleachtaí ConvEx de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus cleachtaí INEX de chuid na Gníomhaireachta um Fhuinneamh Núicléach, chun ullmhacht agus freagairt éigeandála a mheas. Is féidir go ndéanfar an plean seo a athbhreithniú agus a leasú tar éis gach cleachtaidh nó staide éigeandála, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh.

Is féidir go ndéanfar an plean seo a athbhreithniú agus a leasú freisin i gcás go dtiocfaidh forbairtí suntasacha nua chun cinn i réimse na pleanála ullmhachta agus freagartha éigeandála do staideanna nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche.

Ba cheart an plean seo a athbhreithniú freisin tar éis aon mhórstaide nochta éigeandála núicléiche nó raideolaíche arb é an toradh a bheidh uirthi go ngairfear na bearta atá leagtha amach anseo. Is féidir go nuashonrófar an plean de réir na gceachtanna a foghlaimíodh.

# AGUISÍN I

## STAIDÉIR ANAILÍSE GUAISE

Rinneadh mionstaidéir anailíse guaise ar an tionchar ar dóigh dó a bheith ag staid éigeandála ag gléasra cumhachta núicléiche sa Ríocht Aontaithe ar Éirinn. Is iad sin:

(i) **Na gléasraí cumhachta núicléiche atá beartaithe sa Ríocht Aontaithe – na himpleachtaí raideolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn**[33], ina ndírítear ar ocht ngléasra cumhachta atá beartaithe a thógáil ag láithreacha éagsúla, lena n-áirítear Wylfa agus Hinkley Point (Institiúid na hÉireann um Chosaint Raideolaíochta, 2013)

(ii) **An tionchar raideolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag diantimpistí postaláidithe ag Sellafield ar Éirinn**[34] (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2016)

(iii) **Na Rioscaí atá roimh Éirinn de dheasca Teagmhais ag Láithreán Sellafield**[35] (2008)

Rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta staidéar eile dar teideal **An Tionchar Eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag Timpiste Núicléach – Cás-Staidéar na hÉireann**[36]. Pléitear sa staidéar sin leis na costais shocheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag timpiste nó teagmhas núicléach nó raideolaíoch thar lear d'Éirinn.

**Is iad seo na príomhfhionnachtana atá i dtuarascáil (i):**

- Mar gheall ar ghnáth-threo na gaoithe in Éirinn, tarlóidh sé i bhformhór mór na gcásanna gur ar shiúl ó Éirinn a iompRófar éilliú radaighníomhach san aer. Úsáideadh sa mheasúnú patrún aimsire inar uasmhéadaíodh an t-aistriú radaighníomhaíochta chuig Éirinn.

- Ní imreoidh gnáthoibriú na ngléasraí cumhachta núicléiche atá beartaithe sa Ríocht Aontaithe aon tionchar raideolaíoch intomhaiste ar Éirinn ná ar mhuirthimpeallacht na hÉireann. Ríomhadh na dáileoga radaíochta ó ghnáthoibriú na ngléasraí cumhachta a bheith 10,000 uair níos ísle ná an teorainn bhliantúil dáileoige radaíochta do dhuine den phobal.

- Maidir leis na cásanna diantimpiste a measúnaíodh, bhí a minicíocht mheasta sa raon idir 1 i 50,000 agus 1 i 33 mhilliún in aghaidh an imoibreora in aghaidh na bliana. Sa staid is lú déine a postaláidíodh, ní bheadh na leibhéil radaighníomhaíochta ard go leor chun údar a thabhairt le bearta gearrthéarmacha díreach tar éis na timpiste. Bheadh rialuithe bia agus/nó gníomhartha sealadacha cosanta talmhaíochta ag teastáil go ceann roinnt laethanta nó seachtainí ina dhiaidh sin, áfach.

[33] http://www.epa.ie/pubs/reports/radiation/RPII_Proposed_Nuc_Power_Plants_UK_13.pdf
[34] https://www.epa.ie/pubs/reports/radiation/Potential_radiological_impact_Ireland.pdf
[35] Potential_radiological_impact_Ireland.pdf (epa.ie)
[36] https://www.esri.ie/system/files?file=media/file-uploads/2016-12/BKMNEXT313.pdf

- Sa staid is mó déine a postaláidíodh, bheadh údar ann le bearta gearrthéarmacha amhail foscadh díreach tar éis na timpiste chun nochtadh an daonra a laghdú agus, ar an tslí sin, chun na héifeachtaí sláinte fadtéarmacha a mhaolú. D'éilleofaí bia agus táirgí talmhaíochta go trom agus bheadh rialuithe bia agus gníomhartha cosanta ag teastáil go ceann roinnt mhaith blianta chun laghdú a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta ó bhia éillithe a chaitheamh.

- Beag beann ar an tionchar raideolaíoch, d'imreofaí tionchar socheacnamaíoch ar Éirinn de dheasca aon timpiste a thitfeadh amach ag na gléasraí cumhachta núicléiche atá beartaithe agus as a dtiocfadh méadú i leibhéil radaighníomhaíochta in Éirinn.

- Ní bheadh aon rialuithe bia ná aon ghníomhartha cosanta ag teastáil in Éirinn tar éis aon mhórscaoilte radaighníomhaíochta de thaisme chuig Muir Éireann a bheadh coibhéiseach le timpiste Fukushima. Bheadh sé riachtanach faireachán breisithe a dhéanamh ar an muirthimpeallacht, áfach.

- Ní mheasfaí aslonnú ó chósta thoir na hÉireann a bheith ina ghníomh cuí, fiú amháin sna cásanna is mó déine a postaláidíodh.

**Is iad seo na príomhfhionnachtana atá i dtuarascáil (ii):**

- Ní bheadh aon teagmhas ag láithreán athphróiseála breosla núicléach Sellafield, ná ag an Stór Dramhaíola Iseal-Leibhéil atá suite i ngar don láithreán sin, ina chúis le haon éifeachtaí sláinte inbhraite in Éirinn.

- D'fhéadfadh roinnt teagmhas neamhdhóchúil ag Sellafield nó ag an Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil tionchair shocheacnamaíocha shuntasacha a imirt ar Éirinn. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na tionchair sin turasóireacht a chailleadh agus margaí a chailleadh le haghaidh bia mara Éireannach agus táirgí feirme Éireannacha. Tá an dóchúlacht go dtitfeadh teagmhais den sórt sin amach sa raon idir an-íseal (níos lú ná 30% am ar bith thar an gcéad 100 bliain eile do na scaoiltí is measartha a d'fhanfadh i ngar do láithreán Sellafield) agus thar a bheith neamhdhóchúil (níos lú ná 0.05% thar an gcéad 100 bliain eile do na cásanna is foircní ina bhféadfaí ábhair a scaoileadh achar fada ó theorainn an láithreáin). Tríd is tríd, baineann na dianteagmhais an-annamh sin le heachtraí foircneacha comhshaoil amhail dianchreathanna talún agus gaotha an-láidir (os cionn 165 mhíle san uair) nó is teagmhais iad a thosaíonn lasmuigh de láithreán Sellafield agus ar féidir leo tionchar a imirt ar an láithreán sin, amhail buillí ó dhreigítí nó ó aerárthaí nó tuairteanna diúracáin.

- Cé gur mó seans go dtitfeadh teagmhais is lú déine amach, ní thiocfadh as na teagmhais sin scaoiltí suntasacha ábhar radaighníomhach. Tríd is tríd, is é a bheadh i gceist le teagmhais den sórt sin ná teipeanna píosaí aonair trealaimh agus earráidí daonna arbh é an toradh a bheadh orthu cumas saoráide agus sábháilteachta a laghdú. Is é a bheadh i gceist leo freisin ná cásanna ina scaoilfí ábhair radaighníomhacha amach óna ngnáth-theorainneacha laistigh den tsaoráid. Ní fhágfadh na hábhair sin an tsaoráid í féin, áfach. Mar gheall ar an dearadh ar na córais phróiseála ag Sellafield, tá riosca íseal ann go ndéanfadh aon ábhair radaighníomhacha a scaoilfí ó na saoráidí ag Sellafield aon difear d'Éirinn.

- Rinne an tsainfhoireann scrúdú ar chineálacha comhchosúla teagmhas ag an Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil. Den raon teagmhas a scrúdaíodh, ba é an t-aon teagmhas amháin ina bhféadfaí ábhar a scaoileadh sa ghearrthéarma ná teagmhas neamhdhóchúil ina dtuairteálfadh aerárthach go díreach isteach sna fuíollábhair. Ní bheadh scaoileadh den sórt sin ina chúis le haon éifeachtaí sláinte inbhraite in Éirinn.

- Rinne an tsainfhoireann scrúdú ar eachtra an-fhadtéarmach freisin: Na céadta blianta agus an lá inniu, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar leibhéil éiritheacha na mara agus ar dhianstoirmeacha cósta ná an méid ar fad atá sa Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil a scaoileadh isteach i Muir Éireann. Meathann ábhair radaighníomhacha ar shlí intuartha le himeacht ama. Ar an tslí sin, tagann laghdú ar a dhíobhálaí atá siad do shláinte an duine agus don chomhshaol. Mar sin, más rud é, am éigin i bhfad romhainn, go rachaidh an t-ábhar radaighníomhach sa stór isteach sa Mhuir, beidh laghdú tagtha cheana féin ar a dhíobhálaí atá sé. Chaolófaí an t-ábhar mar gheall ar sháile agus ar shruthanna freisin. Bunaithe ar ríomhanna ina ndearnadh rómheastachán ar na hiarmhairtí a bheadh ag scaoileadh den sórt sin, is ar éigean a bhraithfí aon mhéadú i leibhéil radaighníomhaíochta i sáile áit ar bith i ngar do chósta na hÉireann.

**Ba é seo an phríomhfhionnachtain a bhí i dtuarascáil (iii):**

- Ní bheadh aon teagmhas ag Sellafield, ná ag an Stór Dramhaíola Iseal-Leibhéil, ina chúis le haon éifeachtaí sláinte inbhraite in Éirinn.

Bhí sé sin bunaithe ar an dóigh ar ríomhadh sa Mheasúnú Dóchúlaíoch Riosca na hiarmhairtí a bheadh ag trí chás scaoilte dhifriúla réalaíocha a mbeadh cumas éagsúil acu ábhair radaighníomhacha a sheoladh go hard san aer chun go n-iomprófaí na hábhair sin achar fada ó theorainn an láithreáin. Do gach ceann de na trí chás sin, ríomh an fhoireann ansin an dóigh a bhféadfaí na hábhair a scaipeadh isteach san atmaisféar agus an dóigh a bhféadfaí iad a dheascadh in Éirinn. Breithníodh i ríomh gaolmhar cás ina scaoilfí sciar dá bhfuil in umar stórála ina bhfuil na hábhair radaighníomhacha is airde tiúchan ag Sellafield. Cé gur léiríodh san anailís go bhféadfadh

roinnt ábhar radaighníomhach Éire a bhaint amach, ba lú i bhfad na leibhéil lena mbaineann ná na leibhéil dáileoige a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí sláinte inbhraite. Ba lú i bhfad iad freisin ná an leibhéal radaíochta cúlra a fhaigheann daoine de ghnáth gach bliain. B'ísle fós na dáileoga i ngach cás eile a breithníodh sa Mheasúnú Dóchúlaíoch Riosca. Cé go bhféadfaí ábhair radaighníomhacha ón scaoileadh a bhrath trí threalamh íogair tomhais a úsáid, ní bheadh na leibhéil ard go leor chun a bheith ina gcúis le héifeachtaí sláinte inbhraite in Éirinn.

# AGUISÍN II

## LEIBHÉIL TAGARTHA AGUS LEIBHÉIL IDIRGHABHÁLA OIBRÍOCHTÚLA

Is é is leibhéal tagartha i staid nochta éigeandála nó i staid nochta reatha ann ná an leibhéal dáileoige éifeachtaí, an leibhéal dáileoige coibhéisí nó an tiúchan gníomhaíochta ar os a chionn nó os a cionn a mheastar é a bheith míchuí ligean do nochtaí tarlú mar thoradh ar an staid nochta sin, cé nach teorainn nach bhféadfar a shárú atá ann.

Is é atá sa leibhéal tagartha ná tagairt don dáileog iarmharach iomlán (an dáileog a thiocfadh chun cinn tar éis chur chun feidhme na straitéise cosanta).

Uirlis barrfheabhsaithe is ea leibhéal tagartha. Tá níos mó i gceist le barrfheabhsú na cosanta ná an dáileog a íoslaghdú. Is é atá i gceist leis an dochar a chothromú go cúramach chun nach gá go mbeadh an rogha as a n-eascraíonn an dáileog is ísle ar an rogha is fearr i ngach cás. Dá bhrí sin, is amhlaidh in éigeandáil núicléach nó raideolaíoch ba cheart an leibhéal tagartha a úsáid chun cosaint daoine den phobal a bharrfheabhsú, agus cosaint raideolaíoch agus critéir shocheacnamaíocha araon á gcur san áireamh.

## Leibhéil Tagartha le haghaidh daoine den phobal

I gcás staideanna nochta éigeandála, is ionann agus 100 mSv in aghaidh na bliana an leibhéal tagartha a léirítear mar dháileog éifeachtach le haghaidh gach conaire nochta do dhaoine den phobal. Féadfar leibhéal tagartha faoi bhun 100 mSv a shocrú i staid nochta éigeandála i gcás gur féidir cosaint chuí a sholáthar gan dochar díréireach a dhéanamh mar thoradh ar na frithbhearta comhfhreagracha nó gan costas iomarcach a chruthú.

Ba cheart measúnú leanúnach a dhéanamh fud fad na céime éigeandála ar an ngá le gníomhartha cosanta. Is é an aidhm fhoriomlán ná a chinntiú nach mó an dáileog iarmharach (an dáileog ionchais tar éis gníomhartha cosanta a chur chun feidhme) ná an leibhéal tagartha agus go mbeidh sí chomh híseal agus is féidir a bhaint amach le réasún.

## Leibhéil Tagartha le haghaidh nochtadh ceirde éigeandála

Tá feidhm ag leibhéil tagartha le haghaidh nochtaí ceirde éigeandála maidir le hoibrithe éigeandála nó le daoine eile a bhfuil baint acu le gníomhartha freagartha nó bearta cosanta a dhéanamh le linn éigeandála. Níor cheart iad a bheith níos mó ná dáileog éifeachtach 100 mSv agus, nuair is féidir, ba cheart iad a bheith faoi bhun teorainneacha reachtúla dáileoige. In imthosca eisceachtúla, mar shampla chun beatha daoine a shábháil, chun dianéifeachtaí sláinte radaíocht-spreagtha a chosc nó chun dálaí tubaisteacha a chosc, féadfar dáileog is mó ná 100 mSv ach nach mó ná 500 mSv a cheadú i gcás gurb amhlaidh, sula gcomhaontófar go deonach le gníomh den sórt sin a dhéanamh, a tugadh faisnéis shoiléir chuimsitheach don duine faoi na rioscaí sláinte a ghabhann le gníomh den sórt sin agus faoi na bearta cosanta atá ar fáil.

## Aistriú ó éigeandáil chuig staid nochta reatha

I gcás an aistrithe ó staid nochta éigeandála chuig staid nochta reatha, déanfar leibhéal tagartha cuí do dhaoine den phobal a shocrú ag luach atá cothrom le 20 mSv nó níos lú. Cuirfear san áireamh sa leibhéal tagartha sin na gnéithe den staid atá i réim agus critéir shochaíocha.

## Critéir Chineálacha

Rinneadh critéir dháileoige a léirítear mar dháileog réamh-mheasta a shainiú le haghaidh bearta cosanta éagsúla (Treoir Sábháilteachta Ginearálta Uimh. GSG-2 ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, 2011). Tá na critéir chineálacha sin ag teacht le leibhéal tagartha atá cothrom le 100 mSv. Is é an toradh a bheidh ar ghníomhartha cosanta a dhéanamh ag an leibhéal dáileoige sin ná a chinntiú go seachnófar gach éifeacht chinnteachaíoch agus go laghdófar go leibhéil inghlactha an riosca go dtiocfaidh éifeachtaí stocastacha chun cinn. Léirítear sa tábla seo a leanas na critéir chineálacha ar bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil iad.

**Tábla 1: Critéir Chineálacha le haghaidh gníomhartha cosanta agus gníomhartha freagartha eile i staideanna nochta éigeandála**

| Gníomh cosanta | Dáileog réamh-mheasta | Nótaí |
|---|---|---|
| Foscadh | 50 mSv sa chéad 7 lá | Beidh an gníomh seo is éifeachtaí le linn don chleitín dul thart ná ag am ar bith eile. Is féidir leis dáileoga ó chonairí dealraimh talún, ó chonairí dealraimh néil agus ó chonairí ionanálaithe a laghdú faoi suas le 80% |
| Aslonnú | 100 mSv sa chéad 7 lá | |
| Aslonnú sealadach | 100 mSv sa chéad bhliain | Beidh sé mar phríomhaidhm leis an ngníomh seo dáileoga radaíochta a sheachaint ón gconair dealraimh talún |
| Rialuithe bia | 1 mSv sa chéad bhliain | Thabharfaí uasleibhéil cheadaithe i mbia lena dhíol isteach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is é aidhm na n-uasleibhéal sin an dáileog iomlán radaíochta ó earraí bia a choinneáil faoi bhun 1 mSv sa chéad bhliain tar éis na héigeandála. |

## Leibhéil Idirghabhála Oibríochtúla

Ní cainníocht intomhaiste í dáileog réamh-mheasta agus ní féidir í a úsáid chun cinntí a dhéanamh go tapa le linn éigeandála. Is ionann leibhéil idirghabhála oibríochtúla agus leibhéil a thógtar ó na critéir chineálacha a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh maidir le gníomhartha cosanta agus gníomhartha freagartha eile sa luathchéim d'éigeandáil núicléach nó raideolaíoch. Is luachanna intomhaiste amhail ráta dáileoige, éilliú radaighníomhach agus tiúchan gníomhaíochta iad. Cuirtear sonraí allamuigh agus sonraí faireacháin i gcomparáid le leibhéil idirghabhála oibríochtúla chun a chinneadh cé na gníomhartha cosanta ba cheart a chur chun feidhme. I gcás go sáraítear leibhéal idirghabhála oibríochtúla, nó go meastar go sárófar é, ba cheart an gníomh cosanta gaolmhar a chur chun feidhme. Is féidir go gcuirfear gníomhartha cosanta chun feidhme ar leibhéil níos ísle freisin. Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na bunleibhéil idirghabhála oibríochtúla seo a leanas:

**Tábla 2: Leibhéil Idirghabhála Oibríochtúla le haghaidh gníomhartha cosanta agus gníomhartha freagartha eile i staideanna nochta éigeandála**

| Gníomh cosanta | Leibhéal Idirghabhála Oibríochtúla | Nótaí |
|---|---|---|
| Foscadh | 500 µSv in aghaidh na huaire<br>5,000 $Bq/m^3$<br>5,000,000 $Bq/m^2$ | Ráta seachtrach dáileoige gáma<br>Cs-137 san aer<br>Deascadh Cs-137 ar an talamh |
| Aslonnú | 1,000 µSv in aghaidh na huaire<br>10,000 $Bq/m^3$<br>10,000,000 $Bq/m^2$ | Ráta seachtrach dáileoige gáma<br>Cs-137 san aer<br>Deascadh Cs-137 ar an talamh |
| Aslonnú sealadach | 100 µSv in aghaidh na huaire<br>1,000 $Bq/m^3$<br>1,000,000 $Bq/m^2$ | Ráta seachtrach dáileoige gáma<br>Cs-137 san aer<br>Deascadh Cs-137 ar an talamh |
| Rialuithe Bia | 1 µSv in aghaidh na huaire<br>20 áireamh in aghaidh an tsoicind<br>2 áireamh in aghaidh an tsoicind<br>100 Bq/kg<br>5 Bq/kg | Ráta seachtrach dáileoige gáma<br>Béite-éilliú dromchla díreach<br>Alfa-éilliú dromchla díreach<br>Olltiúchan béite-ghníomhaíochta<br>Olltiúchan alfa-ghníomhaíochta |

# AGUISÍN III

## FEASACHÁIN FAISNÉISE POIBLÍ AGUS SEISIÚIN FAISNÉISE DO NA MEÁIN

A luaithe a bheidh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí i mbun gnímh, bunófar Foghrúpa Cumarsáide de chuid an Ghrúpa sin a chuimseoidh Seirbhís Faisnéise an Rialtais, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Met Éireann, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Sláinte, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Oifig Pleanála Éigeandála agus preasoifigigh ó ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí eile. Déanfaidh an Foghrúpa sin formhaoirseacht ar fhaisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne agus ar na meáin araon.

Is iad seo roinnt de na príomhphointí:

### Na Teachtaireachtaí Tosaigh

- Tionscnóidh an Phríomhroinn Rialtais an chéad phreaseisiúint, ag obair di i gcomhairle le Preasoifig an Rialtais agus le Seirbhís Faisnéise an Rialtais. Fógrófar sa teachtaireacht sin:
    - Mionsonraí faoi cá háit ar tharla an éigeandáil nó cá háit a bhfuil sí ag tarlú;
    - Cé acu a bhí scaoileadh ábhair radaighníomhaigh ann nó nach raibh, nó cé acu is dóigh go mbeidh scaoileadh ann nó nach dóigh;
    - Mionsonraí faoi aon ghníomhartha cosanta is gá a dhéanamh láithreach, amhail foscadh;
    - Dearbhú á rá go bhfuil faireachán á dhéanamh ar an staid, agus go dtabharfar an t-eolas is deireanaí ar bhonn tráthrialta;
    - Meastachán ar cén uair a thabharfar an t-eolas is deireanaí den chéad uair.
- Foilseofar an phreaseisiúint sin ar líne ar www.merrionstreet.ie, ar www.emergencyplanning.ie agus ar www.nuclear.ie.
- Is féidir go n-iarrfar ar RTÉ nó ar asraonta eile meán teachtaireachtaí faisnéise poiblí éigeandála a chraoladh ar an mbealach a chumhdaítear le prótacail chuí chraolacháin éigeandála (más gá sa staid).
- Sula rachaidh cleitín radaighníomhach thart agus le linn dó dul thart, cuirfidh Met Éireann faisnéis iomchuí ar áireamh i réamhaisnéisí aimsire ar an raidió agus ar an teilifís.

### Seisiúin Faisnéise do na Meáin

- Cuirfear seisiúin faisnéise do na meáin ar siúl san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí tar éis chruinnithe an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí. Ba cheart

iad sin a uainiú chun cur ar chumas na meán an fhaisnéis a chur ar áireamh sna príomhfheasacháin nuachta (1pm, 6pm agus 9pm).

Mar shampla, ba cheart an chéad chruinniú (nó an cruinniú laethúil) den Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a thosú faoi 9.30am chun go n-ullmhófaí seisiúin faisnéise do na meáin le haghaidh preasagallamh ag meán lae agus le haghaidh na bhfeasachán nuachta ag 1pm.

- De bhreis ar na seisiúin faisnéise sin, éileofar ar urlabhraithe freastal ar phríomhagallaimh meán le craoltóirí náisiúnta agus taifeadadh dhá nóiméad a ullmhú lena úsáid ag stáisiúin réigiúnacha raidió.

- Éileofar ar phríomhranna urlabhraithe saineolaíocha a chur ar fáil, ar daoine iad a d'fhreastail ar chruinnithe an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí agus atá ar an eolas faoi na príomhtheachtaireachtaí. Is í an Phríomhroinn Rialtais a chinnfidh cé acu is gá é sin nó nach gá. Táthar ag súil leis go n-áireofar leis na príomhurlabhraithe ar dtús Cathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí, an Príomh-Dhochtúir Oifigiúil (an Roinn Sláinte), an Príomhoifigeach Tréidliachta (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara), saineolaí raideolaíochta ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, réamhaisnéiseoir ó Met Éireann agus saineolaí ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Is féidir go mbeidh sé riachtanach saineolaithe eile nó oifigigh eile ó ranna/gníomhaireachtaí a chur ar fuireachas chun ceisteanna ó na meáin a fhreagairt de réir mar is cuí. De réir mar is cuí, is féidir go mbeidh na preasagallaimh agus na príomhagallaimh faoi stiúir ag an Taoiseach agus/nó ag na hAirí cuí.

- Ba cheart ateangairí teanga comharthaíochta a úsáid le linn gach preasagallaimh atá ar an teilifís/atá taifeadta.

## Na meáin ar líne

- Athnuafar an suíomh Gréasáin **www.nuclear.ie** ar bhonn tráthrialta, agus mionsonraí á dtabhairt faoin éigeandáil, faoi na gníomhartha cosanta a theastaíonn agus faoi éifeachtaí féideartha an nochta.

- Beidh na meáin shóisialta ina bpríomhuirlis chumarsáide freisin agus ba cheart iad a úsáid go cuí.

- Is féidir go mbeidh sé riachtanach teachtaireachtaí a thabhairt i dteangacha seachas Béarla chun a chinntiú go ndéanfar cumarsáid éifeachtach lena oiread earnálacha den tsochaí agus is féidir.

## Príomhtheachtaireachtaí

- Beidh ar na baill foirne ar fad a mbeidh baint acu le príomhtheachtaireachtaí a tháirgeadh do na meáin nuachta iad a ullmhú go críochnúil agus go cúramach. D'fhéadfadh éigeandálaí

núicléacha nó raideolaíocha imní a chur ar an bpobal, agus baol ann nach mbeadh sé ar an eolas nach ngabhann ach riosca íseal do shláinte an phobail le héigeandálaí den sórt sin.

- Is gá na teachtaireachtaí ó gach roinn rialtais agus ó gach comhlacht iomchuí a chomhordú. Ba cheart do na comhaltaí d'Fhoghrúpa Cumarsáide an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí na teachtaireachtaí a léamh go grinn. Tá sé sin tábhachtach go háirithe roimh an gcéad seisiún faisnéise do na meáin agus roimh an gcéad phreasráiteas. Ba cheart feidhm a bheith ag an mbeart sin maidir leis na cainéil Idirlín agus meán sóisialta agus maidir le preaseisiúintí traidisiúnta agus le seisiúin faisnéise eile do na meáin.

- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar theachtaireachtaí a chomhordú le stáit chomharsanacha. Bainfear é sin amach trí theagmháil dhéthaobhach a dhéanamh leis an Ríocht Aontaithe agus trí líonraí comhchosúla san Aontas Eorpach (e.g., trí ECURIE, trí HERCA, trí líonra na nAireachtaí Eachtracha, etc.)

- Déanfaidh Foghrúpa Cumarsáide an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí faireachán ar aschur na meán craolacháin, na meán Idirlín, na meán sóisialta agus na meán clóite chun aon mhíthuiscintí suntasacha ar an gcomhairle phoiblí a tugadh cheana féin a bhrath agus a cheartú. Beidh comhsheasmhacht agus cruinneas na faisnéise ina dtosca tábhachtacha.

## Lóistíocht

- Ag obair dó/di i gcomhar le Preasoifig an Rialtais, éileofar ar phreasoifigeach na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide dul i gceannas ar dhéileáil le gníomhaireachtaí meán, cabhrú le preasráitis a tháirgeadh don Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí agus a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis in am do phríomhshliotáin ama meán.

- Is gá an méid ama agus na hacmhainní soláthair foirne a theastaíonn chun déileáil le ceisteanna meán agus preasa a chur san áireamh ansin. Is gá é sin a chomhroinnt i measc gach ceann de na príomhranna agus na príomhghníomhaireachtaí, go háirithe i dtréimhse tosaigh 24 huaire an chloig.

- I gcás móréigeandáil ar an leibhéal náisiúnta, is féidir go mbeidh spéis leanúnach ag na meáin sa teagmhas. Beidh ar an bPríomhroinn Rialtais agus ar an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí an spéis sin a bhainistiú go cuí agus beidh sé riachtanach í a bhainistiú go cuí san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.

- Má iarrann asraonta meán faisnéis nó seisiúin faisnéise atá de bhreis ar an bpreasagallamh, ní mór iad sin a iarraidh roimh ré trí phreasoifig na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## Treoir bhreise

- B'fhearr go mbeadh preasráitis leathanach amháin ar a mhéad ar fad, agus aon

ghníomhartha cosanta ar áireamh san aon mhír amháin.

- Ba cheart seisiúin faisnéise do na meáin a choinneáil faoi bhun dhá nóiméad ar fad le haghaidh gach mór-asraoin meán.

- Níl sé de cheanglas ar Chathaoirleach an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (ná ar aon urlabhraithe ainmnithe eile) gach agallamh leis na meáin a láimhseáil. Mar sin féin, ba cheart d'aon ionadaithe a dhéileálann le haon cheisteanna an t-eolas agus an saineolas is iomchuí a bheith acu, de réir Straitéisí Cumarsáide agus Pleananna Cumarsáide atá comhaontaithe.

- Teastóidh oiliúint chuí agus taithí chuí roimh ré.

- Ní mór teachtaireachtaí sábháilteachta poiblí agus comhairle sábháilteachta poiblí atá soiléir agus tráthúil a thabhairt, agus na cúiseanna a ndearnadh gníomhartha cosanta áirithe nó nach ndearnadh gníomhartha cosanta áirithe á leagan amach iontu.

- Ba cheart na freagrachtaí as cabhrú le freagraí do na meáin a chomhordú a shannadh do Bhainisteoir/Oifigeach Cumarsáide ainmnithe a bhfuil taithí ar na meáin aige/aici, atá ar an eolas faoi na riachtanais léirithe meán, agus faoi thimthriallta nuachta meán go háirithe.

# AGUISÍN IV

## CRITÉIR LE hAGHAIDH FREAGAIRT ÉIGEANDÁLA A DHÍGHNÍOMHACHTÚ

- Cuireadh chun feidhme na gníomhartha cosanta práinneacha agus luatha uile is gá.
- Tá an staid cobhsaí agus tá dea-thuiscint ann uirthi (cuireadh foinse an nochta faoi smacht agus níltear ag súil le haon scaoiltí timpisteacha suntasacha eile de dheasca an teagmhais).
- Bhí an cur síos a rinneadh ar an staid raideolaíoch chomh dóthanach sin gur sainaithníodh conairí nochta agus gur measúnaíodh dáileoga le haghaidh na ngrúpaí uile den daonra atá thíos leis. Beidh breithniú déanta sa chur síos sin ar na tionchair a bhí ag na gníomhartha cosanta a cuireadh chun feidhme ní ba luaithe sa fhreagairt éigeandála a chur ar ceal agus a oiriúnú agus, nuair is infheidhme, ar roghanna féideartha úsáide talún sa todhchaí.
- Rinneadh measúnú críochnúil guaise ar an staid reatha agus ar an dóigh a bhforbróidh sí sa todhchaí. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe guaise, ba cheart éigeandálaí féideartha ar fiú gníomhartha cosanta a dhéanamh ina leith agus gníomhartha freagartha eile a shainaithint agus rinneadh na socruithe éigeandála atá ann cheana a athbhreithniú agus a athrú chun dáta nuair is gá (ar bhonn eatramhach ar a laghad).
- Is féidir na ceanglais le haghaidh nochtadh ceirde i ndáil leis an staid nochta atá beartaithe a chur i bhfeidhm maidir le gach oibrí atá le gabháil do ghníomhaíochtaí athshlánúcháin.
- Léiríodh sa mheasúnú ar an staid raideolaíoch gur sa bhanda 1-20 mSv in aghaidh na bliana atá an dáileog iarmharach.
- Rinneadh sainaithint agus breithniú ar iarmhairtí neamhraideolaíocha (iarmhairtí síceasóisialta, iarmhairtí eacnamaíocha) agus ar thosca eile (teicneolaíocht, roghanna úsáide talún, an fháil ar acmhainní, athléimneacht an phobail) is iomchuí d'fhoirceannadh na héigeandála.
- Bunaíodh clárlann de na daoine aonair sin ar sainaithníodh go mbeadh gníomhaíocht leantach bhreise leighis ag teastáil uathu.
- Forbraíodh straitéis le haghaidh dramhaíl radaighníomhach a eascraíonn as an éigeandáil, nuair is cuí, a bhainistiú.
- Seoladh comhairliúchán ar an gcinneadh chun an éigeandáil a fhoirceannadh tríd an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí le páirtithe leasmhara agus, de réir mar is cuí, cuireadh na nithe seo a leanas in iúl don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile:

- An bunús leis an éigeandáil a fhoirceannadh;
- An gá leis na srianta forchurtha a choigeartú;
- Aon mhodhnú riachtanach in iompraíochtaí pearsanta agus i nósanna pearsanta;
- An gá le leanúint de na gníomhartha cosanta atá i bhfeidhm nó le gníomhartha cosanta nua a thabhairt isteach;
- An gá le faireachán leantach comhshaoil, faireachán leantach foinse agus faireachán leantach aonair a dhéanamh tar éis fhoirceannadh na héigeandála;
- Guaiseacha sláinte atá bainteach leis an staid nochta nua.

Beidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, mar Phríomhroinn Rialtais, freagrach as an athbhreithniú iar-éigeandála a chomhordú, agus as tuairisc a thabhairt air, tar éis fhoirceannadh na héigeandála.